Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Nollaig 2020
(OR. en)

14068/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0136(COD)**

**CODEC 1348**
**CADREFIN 451**
**RESPR 83**
**POLGEN 229**
**FIN 964**
**PE 108**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | **GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA**<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE chun buiséad an Aontais a chosaint i gcás easnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta sna Ballstáit<br>- An toradh ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(An Bhruiséil, an 14 go dtí an 18 Nollaig 2020) |

# I. VÓTÁIL

An 16 Nollaig 2020, dhearbhaigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa go raibh an seasamh ón gComhairle[1] ar an gcéad léamh formheasta gan aon leasú.

Tá téacs an rúin reachtaigh ó Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

1 ST 9980/20 REV 1.

## II. GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA

Ós rud é gur fhormheas Parlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh gan aon leasú, measfar gur glacadh an gníomh atá i gceist san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagal 294(7)(a) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Ard-Rúnaithe an dá institiúid, foilseofar an gníomh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

**(16.12.2020)**

## Rialachán maidir le buiséad an Aontais a chosaint i gcás easnaimh ghinearálaithe maidir leis an smacht reachta sna Ballstáit ***II

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Nollaig 2020 ar sheasamh na Comhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (09980/1/2020 -C9-0407/2020 – 2018/0136(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (09980/1/2020 – C9-0407/2020),

– ag féachaint do thuairim ón gCúirt Iniúchóirí an 17 Lúnasa 2018[2],

– ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún (COM(2020)0843),

– ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh ar an togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2018)0324),

– ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas na coistí freagracha faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Riail 67 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCóiste um Buiséid agus ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0262/2020),

[2] IO C 291, 17.8.2018, lch. 1.

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. ag formheas an ráitis chomhpháirtigh ón bParlaimint, ón gComhairle agus ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo;

3. ag tabhairt dá haire an ráiteas ón gComhairle atá i gceangal leis an rún seo;

4. á thabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir le seasamh na Comhairle;

5. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

6. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a fhíoraítear go bhfuil na nósanna imeachta go léir curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArd-Rúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

7. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

**Comhráiteas ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún**

Gan dochar do cheart tionscnaimh an Choimisiúin, comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún breathnú ar an méid atá sa Rialachán seo a áireamh i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 (an "Rialachán Airgeadais") tráth a dhéanfar an chéad athbhreithniú eile air.

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Comhaontaíonn an Coimisiún breathnú ar thograí iomchuí a chur in éineacht leis an tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo i gcás inar gá.